An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Tuarascáil na Stiúrthóirí agus
na Ráitis Airgeadais

Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

Uimhir Chláraithe 229229

PRN No.: A12/0012

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Clár	*Leathanach*
Stiúrthóirí agus faisnéis eile	2
Ráiteas an Chathaoirligh	3 - 13
Tuarascáil na Stiúrthóirí	14 - 17
Ráiteas ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí i leith thuarascáil na Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais	18
Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais	19 - 20
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	21 - 22
Ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta	23 - 25
Cuntas Sochair agus Dochair agus ráiteas ar na gnóchain agus ar na caiteachais aitheanta go léir	26 - 27
Clár comhardaithe	28
An ráiteas ar Shreabhadh Airgid	29
Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad	30 - 44

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Stiúrthóirí agus faisnéis eile

Stiúrthóirí	Aidan Donnelly (Cathaoirleach) Vincent Caffrey Seán Fitzgerald Aoife MacEvilly Oliver Whelan Pat Meehan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	
Rúnaí	David Corcoran	
An Lucht Bainistíochta	Pat Meehan David Corcoran Michael Cavanagh	Príomhfheidhmeannach Rialálaí Airgeadais Bainisteoir Oibríochtaí
Uimhir na Cuideachta	229229	
Oifig chláraithe	7 Cearnóg Clanwilliam Cé na Mórchanálach Baile Átha Cliath 2	
Iniúchóirí	Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2	
Baincéirí	Banc na hÉireann Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2	
Aturnaetha	Arthur Cox Earlsfort Centre Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2	

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta Teoranta (NORA) freagrach as na nithe seo a leanas:

- a chinntiú go gcomhlíonann Éire a hoibleagáidí, faoi reachtaíocht an AE agus faoi rialacha na Gníomhaireachta Fuinnimh Idirnáisiúnta (IEA), chun stoic ola 90 lá ar a laghad a choimeád lena húsáid i gcás ganntanais fhisiciúil soláthairtí, agus
- riaradh a dhéanamh ar Scéim na hÉireann maidir leis an Oibleagáid Bhithbhreosla

Cúlra NORA

Bunaíodh NORA sa bhliain 1995 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Stoic Íosta Olaí Peitriliam) 1995 agus, dá réir sin, is cuideachta phríobháideach theoranta í a dhéanann cothabháil ar stoic chúltaca straitéiseacha ola na hÉireann. Ar chúiseanna pragmatacha, bunaíodh NORA mar fhochuideachta de chuid Chorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann (INPC)

I mí Iúil 2001, rinneadh gnóthaí agus sócmhainní tráchtála an INPC a dhíol le Tosco Corporation (ar a dtugtar ConocoPhillips anois). Ní raibh NORA san áireamh san idirbheart sin. Measadh ina dhiaidh sin gur cuí NORA a bhunú ar bhonn reachtúil mar chuideachta phríobháideach theoranta agus é neamhspleách ar an INPC. I bPáipéar Bán an Rialtais dar teideal "Ag Seachadadh Todhchaí Inbhuanaithe d'Éirinn" (Roinn 3.7.3), a foilsíodh i Márta 2007, daingníodh tiomantas an Rialtais i leith NORA a bhunú mar chomhlacht neamhspleách reachtúil sa bhliain 2007.

Baineadh an méid sin amach ar an 1 Lúnasa 2007 nuair a tugadh isteach an tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 lenar bunaíodh NORA mar ghníomhaireacht aonair faoi choimirce an Aire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha.

Foráladh mar a leanas leis an Acht sin:

- go leanfadh NORA de bheith freagrach as cothabháil soláthairtí straitéiseacha ola i gcomhréir le hoibleagáidí stocshealbhaíochta an stáit i leith an AE agus na Gníomhaireachta Fuinnimh Idirnáisiúnta (IEA);

- Go ndéanfaí scairshealbhaíocht INPC in NORA a aistriú chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus rinneadh foráil go leanfaí den Ghníomhaireacht a oibriú mar chuideachta phríobháideach theoranta faoi Achtanna na gCuideachtaí;

- Go ndéanfaí tobhach athraitheach ar dhiúscairtí táirgí peitriliam a fhorchur ar chuideachtaí ola agus ar thomhaltóirí ola;

- Go ndéanfaí tuairisceáin a thabhairt don Aire go tráthrialta maidir le ceannacháin, díolacháin, tomhailt, allmhairí agus onnmhairí ola ag cuideachtaí ola, ag tomhaltóirí ola agus ag NORA;

- Go ndéanfaí faireachán ar chomhlíonadh na bhforálacha a bhaineann le pionóis a chur i bhfeidhm i gcás ina mainníonn cuideachtaí ola agus tomhaltóirí ola na forálacha a chomhlíonadh;

- Go gcúlghairfí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Stoic Íosta Olaí Peitriliam) 1995; agus

- Go ndéanfaí Meabhrán Comhlachais agus Airteagail Chomhlachais NORA a athrú le go mbeidís i gcomhréir leis an Acht.

The National Oil Reserves Agency Limited

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas an Chathaoirligh (ar leanúint)

Oibleagáidí Stoc AE agus IEA

Faoin Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 agus faoi reachtaíocht ghaolmhar, tá NORA freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Éire a hoibleagáidí, faoi reachtaíocht an AE agus faoi rialacha na Gníomhaireachta Fuinnimh Idirnáisiúnta (IEA), chun stoic ola 90 lá ar a laghad a choimeád lena húsáid i gcás ganntanais fhisiciúil soláthairtí.

I gcomhthráth le tabhairt isteach an Achta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007, rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhaigh) 2007 a thabhairt isteach freisin.

Leis na Rialacháin sin, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Lúnasa 2007, leagtar amach an fhaisnéis nach mór don Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA), do chuideachtaí ola agus do thomhaltóirí ola a sholáthar don Aire i dtuairisceáin mhíosúla staitistiúla agus déantar foráil leo maidir leis an athrú ar mhéid thobhach NORA (a athraíodh ó 0.476 cent in aghaidh an lítir go dtí 1.00 cent in aghaidh an lítir le héifeacht ón 1 Samhain 2007 agus go dtí 2.00 cent in aghaidh an lítir le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2009), mar aon leis na nósanna imeachta ar dá réir a sholáthraítear sonraisc agus a thugtar íocaíocht i leith an tobhaigh.

Is é an reachtaíocht nua sin, in éineacht leis na polasaithe agus na straitéisí atá leagtha amach i bPáipéar Bán an Rialtais dar teideal "Ag Seachadadh Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn" (Roinn 3.7), is bonn le ról leanúnach NORA maidir le comhlíonadh oibleagáid stoc ola na hÉireann.

An Scéim maidir leis an Oibleagáid Bhithbhreosla

Ar an 1 Iúil 2010, chuir NORA tús le riaradh a dhéanamh ar Scéim na hÉireann maidir leis an Oibleagáid Bhithbhreosla tar éis thabhairt isteach "An tAcht Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2010". Tugadh isteach an reachtaíocht sin chun éifeacht a thabhairt ar Threoir 2009/28/CE ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.

Leagann an Scéim oibleagáid ar sholáthróirí ola mianrúla a chinntiú go ndéantar 4.166% (de réir toirte) de na mótarbhreoslaí (Gásailín agus Díosal Mótair, de ghnáth) a chuireann siad ar an margadh in Éirinn a tháirgeadh as foinsí in-athnuaite e.g. Eatánól agus bithdhíosal.

Faoi théarmaí na Rialachán fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach Bithbhreosla) 2010, tá Tobhach Bithbhreosla 2.00 cent in aghaidh an lítir iníoctha ar dhíolacháin gach Bithbhreosla isteach sa mhargadh le héifeacht ón 1 Iúil 2010.

Oibleagáid Stoc Ola NORA

Comhlíonann NORA a oibleagáid scairshealbhaíochta ola sa da shlí seo a leanas araon:

- Stoic atá faoi úinéireacht ag NORA agus a stóráiltear in Éirinn agus i mBallstáit eile de chuid an AE a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Stocshealbhaíochta Ola déanta ag Éirinn leo.
- Stoic a shealbhaíonn NORA faoi chonarthaí tráchtála gearrthéarma ("Soic-Thicéid") in Éirinn agus i mBallstáit eile de chuid an AE a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Stocshealbhaíochta Ola déanta ag Éirinn leo. Maidir leis na conarthaí sin, tá rogha iontu chun an ola a cheannach in imthosca éigeandála le linn thréimhse an chonartha.

The National Oil Reserves Agency Limited

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas an Chathaoirligh (ar leanúint)

I gcomhréir le treoir an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir leis na cainníochtaí ola atá le sealbhú ag NORA, tháinig laghdú 7.3% (26,900 tona) ar oibleagáid NORA i leith EARNÁIL 1 (Gásailín) agus tháinig méadú 3.3% (35,900 tona) ar EARNÁIL 2 (Driogáití – Díosal, Ola Gháis, Ceirisín) ón 1 Lúnasa 2011. Ní raibh aon oibleagáid stoic ann i leith Earnáil 3 (Olaí Breosla) ón 1 Lúnasa 2007 agus leanadh den oibleagáid nialais sin i rith na bliana 2011.

Ag deireadh na bliana 2011, is mar a leanas a bhí an miondealú i leith na stoc a bhí á sealbhú ag NORA:

	2011 ('000 Tona)	**% den IOMLÁN**	**2010 ('000 Tona)**	**% den IOMLÁN**
Stoic in Éirinn	**769**	**51%**	**671**	**46%**
Stoic Thar Lear	**610**	**41%**	**557**	**38%**
Stoc-Thicéid (in Éirinn)	**0**	**0%**	**0**	**0%**
Stoc-Thicéid (Thar Lear)	**120**	**8%**	**235**	**16%**
Iomlán:	**1,499**		**1,463**	

Ag deireadh na bliana 2011, ba iad seo a leanas na stoic fhisiciúla a bhí ar úinéireacht ag NORA agus á stóráil in Éirinn agus thar lear araon:

	2011 ('000 Tona)	**2010 ('000 Tona)**
EARN I - Gásailín	286	242
EARN II - Driogáití	1,093	985
Iomlán:	**1,379**	**1,227**

Toirteanna Oibleagáide – v – Stoic a Shealbhaítear Iarbhír

Tá achoimre ar Thoirteanna Oibleagáide Stoc NORA – v – Stoic a Shealbhaítear Iarbhír, agus ar Laethanta Oibleagáide Stoic v – an Líon Iarbhír Laethanta Stoic a shealbhaítear, amhail ag deireadh na bliana, don tréimhse 2006 go 2011, leagtha amach thíos.

Stoic Earnáil 1	**2006**	**2007**	**2008**	**2009**	**2010**	**2011**
Stoic Oibleagáide (Tonaí)	377,000	385,000	406,000	393,000	368,000	341,100
Stoic a Shealbhaítear Iarbhír	377,000	385,000	406,000	393,000	377,211	341,876
Laethanta Stoic - Oibleagáid	82	81	83	83	83	84
Laethanta Stoic – Ar Seilbh	82	81	83	83	84	84

Stoic Earnáil 2	**2006**	**2007**	**2008**	**2009**	**2010**	**2011**
Stoic Oibleagáide (Tonaí)	1,082,000	1,177,000	1,251,000	1,242,000	1,080,000	1,115,900
Stoic a Shealbhaítear Iarbhír – Earn 2	1,091,000	1,177,000	1,261,000	1,241,000	1,084,941	1,112,691
Laethanta Stoic - Oibleagáid	77	77	78	78	78	80
Laethanta Stoic – Ar Seilbh	79	77	79	78	78	80

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Margadh Ola Domhanda, Margaí Airgeadais agus Acmhainn Stórála a Fháil

Sa bhliain 2011, i measc na bhforbairtí is suntasaí san earnáil ghnó ina n-oibríonn an Ghníomhaireacht (idirnáisiúnta agus baile) áirítear na hathruithe sa mhargadh domhanda ola agus stórála ola agus sa mhargadh airgeadais. De bharr na n-athruithe sin, tháinig dúshláin chun cinn ar fud na bliana i dtaca le hobair na Gníomhaireachta.

D'éagmais toirteanna stórála infhaighte ar oileán na hÉireann agus laistigh den AE araon, tá NORA tar éis an bhearna idir toirteanna oibleagáide agus stoic fhisiciúla a shealbhaítear a líonadh le tamall de bhlianta trí stoc-thicéid a fháil. Dúnadh an bhearna sin go mór le blianta beaga anuas de réir mar atá feabhas curtha ag NORA ar a staid maidir le stoic fhisiciúla. Tá próifíl na stoc fisiciúil arna sealbhú sa bhaile agus thar lear, mar aon le stoc-thicéid i dtéarmaí a gciona choibhneasta d'oibleagáid bhliantúil NORA i ndáil le stoic le blianta beaga anuas, leagtha amach anseo thíos.



Mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíoch in Éirinn ó bhí an bhliain 2009 ann, tá laghdú tagtha ar leibhéil fhoriomlána tomhaltais ola. Cé gurb é a lean as sin ná laghdú 10% ar thoirteanna Oibleagáide Stoc bliantúla NORA sa bhliain 2010, tháinig méadú beag beagnach 1% ar thoirteanna Oibleagáide foriomlána sa bhliain 2011, rud a d'éirigh as an líon iomlán méadaithe laethanta stoic ar sainordaíodh ina leith go sealbhódh NORA iad. Ar fud na bliana 2011, lean an Ghníomhaireacht dá leibhéil Oibleagáide a chomhlíonadh go hiomlán. Tá próifíl na treochta maidir le leibhéil Oibleagáid Stoc NORA le blianta beaga anuas leagtha amach anseo thíos.

Cumas Stórála Ola in Éirinn

Ó tharla nár forbraíodh cumas stórála breise nua in Éirinn le blianta beaga anuas, tráth a bhí fás foriomlán comhleanúnach ann i dtoirteanna margaidh ola suas go dtí an bhliain 2008, tá brú níos mó ar an gcumas stórála atá ann faoi láthair. Cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar an mbrú sin mar gheall ar an titim sa tomhaltas ón mbliain 2009 i leith, tharla fritháireamh ba mhó ná an laghdú sin mar gheall ar Bhithbheoslaí a thabhairt isteach rud a d'fhág gur ghá cuid den chumas stórála láithreach a leithroinnt i gcomhair Bitheatanóil agus Bithdhíosail, mar aon le tabhairt isteach dara grád Ola Gáis (1000 ppm Sulfair atá sa Ghrád láithreach; 10 ppm Sulfair atá sa ghrád breise) a bhfuil riachtanas stórála ar leithligh ann ina leith.

De réir na réamhaisnéise le haghaidh toirteanna tomhaltais sna blianta atá díreach romhainn, beidh méaduithe céatadánacha measartha íseal ann i gcomhréir leis na leibhéil fáis i ngeilleagar na hÉireann. Dá bhrí sin, is é atá sa ghlanstaid maidir le cumas stórála ná nár tharla aon athrú suntasach ar an méid cumais stórála atá ar fáil ar oileán na hÉireann.

I gCreat Pholasaí Fuinnimh an Rialtais 2007 - 2020, tugadh gealltanas maidir le stoic straitéiseacha ola na hÉireann a ath-chóimheá i bhfabhar stoc arna sealbhú ar oileán na hÉireann, ach sin faoi réir breithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le luach ar airgead.

Le blianta beaga anuas, tá deiseanna á lorg go gníomhach ag NORA chun forbairt a dhéanamh ar an acmhainn stórála ar oileán na hÉireann. Faoi dheireadh na bliana 2009, bhí gealltanais tugtha aige maidir le trí thionscadal a bhaineann le forbairt saoráidí láithreacha chun táirgí EARNÁIL 2 a stóráil.

Críochnaíodh dhá cheann de na tionscadail sin sa bhliain 2011 (Rinn na Séad, Baile Átha Cliath – cumas stórála 65,000 tona Díosail, agus Cill Ruaidh, Contae Aontroma – cumas stórála 125,000 tona Díosail) agus, dá bharr sin, tá cumas stórála breise 190,000 tona ag NORA. Cuireadh tús leis an tríú tionscadal sa bhliain 2011 (Tairbeart, Contae Chiarraí – cumas stórála 100,000 tona Díosail agus 35,000 tona Ceirisín) agus nuair a bheidh sé críochnaithe sa bhliain 2012 beidh méadú comhiomlán 320,000 ar an gcumas stórála ar oileán na hÉireann lena úsáid ag NORA.

I mí Bhealtaine 2009, cheap NORA sainchomhairleoirí (cuibhreannas Goodbody-Atkins) chun cabhair a thabhairt maidir le forbairt a dhéanamh ar a phleananna stórála fadtéarma. Áirítear sa mhéis sin measúnú a dhéanamh ar roghanna i gcomhair stóráil straitéiseach a mhéadú ar oileán na hÉireann.

Tá obair ar an tionscadal sin a gag leanúint ar aghaidh de réir a chéile agus, in am trátha, sainaithneofar leis na pleananna is tairbhiúla do NORA maidir lena iarrachtaí chun a oibleagáidí stoc agus a riachtanais stórála a chomhlíonadh sna blianta atá romhainn.

Tobhach NORA

Maoinítear an Ghníomhaireacht trí thobhach ar dhíol táirgí ola. Déantar a hioncam, in éineacht le hiasachtaí tráchtála, a úsáid chun maoiniú a sholáthar maidir le fáil agus sealbhú stoic straitéiseacha ola na hÉireann. Ní fhaigheann NORA aon mhaoiniú Státchiste. D'fhan an tobhach €0.00476 in aghaidh an lítir gan athrú ón tráth a bunaíodh NORA sa bhliain 1995 go dtí an 1 Samhain 2007 nuair a méadaíodh é faoi théarmaí na Rialachán fán Acht um Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach) 2007 go dtí €0.01 in aghaidh an lítir, i gcomhréir leis an

The National Oil Reserves Agency Limited

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

ngealltanas a bhí i bPáipéar Bán an Rialtais dar teideal "Ag Seachadadh Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn".

I gcomhréir leis an straitéis atá leagtha amach sa Pháipéar Bán sin, tá tús curtha ag NORA le clár dúshlánach chun cur le stoic agus chun saoráidí stórála a fháil agus é mar aidhm aige ná ath-chóimheá a dhéanamh ar an gcúltaca ola straitéiseach trí stoic ola atá faoi úinéireacht na hÉireann go hiomlán agus an leibhéal stoc ar oileán na hÉireann a uasmhéadú, ach sin faoi réir rochtain a bheith ar acmhainn mhéadaithe stórála agus faoi réir luach ar airgead chur san áireamh.

Ag deireadh na bliana 2007, ba é a bhí i bhfiachas NORA ná €157.9 milliún. Tar éis stoic riachtanacha bhreise a fháil sa bhliain 2008, tháinig méadú ar fhiachas NORA go dtí €444.5m. Ag deireadh na bliana 2009, ba é a bhí san fhiachas ná €444.0m.

Sa bhliain 2009, rinne NORA athbhreithniú agus uasdátú ar an Phlean 5 Bliana maidir le Stoic Straitéiseacha agus Stóráil (2009 – 2013) agus bhunaigh siad an t-athbhreithniú agus an t-uasdátú sin ar chomhlíonadh cheanglais na n-oibleagáidí stoc straitéiseach (Treoir Stoc Straitéiseach an AE agus Rialacháin IEA) agus ar ghnóthú a phríomhchuspóirí i gcomhréir le polasaí an Rialtais maidir leis na nithe seo a leanas:

- Fáil stoc ola agus ath-chóimheá a dhéanamh ar na stoic a shealbhaítear ar oileán na hÉireann
- Acmhainn stórála do na stoic bhreise ola
- Costais úis (a éiríonn as iasachtaí a fháil)
- Plean aisíoca fiach
- Tionscadail caipitiúla a bhaineann le forbairt saoráidí stórála ola

Le linn an athbhreithnithe sin, agus go háirithe de bharr réamhfhaisnéisí do bhlianta amach anseo, bhí sé soiléir go mbeadh gá le méadú ar a ioncam, ar bhonn Thobhach €0.01 in aghaidh an lítir, le go mbeadh NORA in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh agus a sprioc-chuspóirí a bhaint amach sa todhchaí.

I bhfianaise na n-imthosca go léir a bhí ann, agus ós rud é go gcaithfeadh NORA bonn fónta airgeadais a chothabháil le haghaidh a ghnó leantaigh agus a ghnó amach anseo, rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha reachtaíocht dar teideal na Rialacháin fán Acht um Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach)(Leasú)(Uimh. 2) 2009 (I.R. 220 de 2009) a thabhairt isteach chun méadú a dhéanamh ar an tobhach ó €0.01 in aghaidh an lítir breosla a cheannaítear go dtí €0.02 in aghaidh an lítir, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2009.

Dá bharr sin, chuir an Ghníomhaireacht tús le clár aisíoca fiach go luath sa bhliain 2010, agus le linn ré an chláir sin aisíocadh suim iomlán €108.5 milliún, ar suim í sin atá comhionann le laghdú 24.5% ar fhiachas foriomlán NORA go dtí €335.5 milliún. Ar bhonn forálacha nua atá san Acht Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2010, údaraíodh do NORA Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a fhostú chun cabhair agus comhairle a thabhairt do NORA i ndáil lena ghníomhaíochtaí airgeadais agus lena ngníomhaíochtaí maidir le hiasachtaí a fháil, agus cuireadh tús leis an bhfostú sin sa bhliain 2010.

Dá réir sin, tá GBCN ag tabhairt comhairle do NORA maidir le bainistiú a phleananna maoiniúcháin agus aisíoca fiach. I gcomhréir le comhairle GBCN, tá méid an fhéich agus sceidealú aisíoc an fhéich á mbainistiú agus bpleanáil agus aird a tabhairt ar an ngá le cúlchistí airgid a choimeád ar bun

ar bhonn leanúnach, ar na riachtanais dhóchúla amach anseo maidir le caiteachas caipitiúil agus ar athnuachan áiseanna riachtanacha chun iasachtaí a fháil.

Sa bhliain 2011, aisíocadh €9.0 milliún eile, rud a d'fhág iarmhéid €326.5m.

I bPlean Straitéiseach 5 Bliana NORA don tréimhse 2012 go 2017 áirítear tuilleadh forbartha ar chumas stórála agus ar stoic i gcomhréir le réamhaisnéisí faoi thoirteanna oibleagáide agus leis na pleananna leantacha maidir le hathchothromú stoc ar oileán na hÉireann, ach sin faoi réir luach ar airgead a chur san áireamh.

Sa phlean sin sainaithníodh go raibh gá le hiasacht lárnach thart ar €250 milliún ón mbliain 2012 go dtí an bhliain 2016 agus táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú suntasach ar an riachtanas i leith iasachta dá éis sin.
Go luath sa bhliain 2012, bhí NORA ag gabháil go gníomhach do chlár athmhaoiniúcháin chun na hiasachtaí riachtanacha a fháil agus fuarthas cúnamh agus treoir ina leith sin ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

I lár mhí Aibreáin 2012, fuair NORA athmhaoiniú go leibhéal €252.5 milliún ar feadh tréimhse cúig bliana. Cuirfidh sé sin ar chumas na Gníomhaireachta a clár athchothromaithe stoc agus athsholáthair/athfhorbartha stórála a chur ar aghaidh agus a cuid oibleagáidí stoc a chothabháil ag an am céanna.

Staid Airgid Thirim ag Deireadh na Bliana

Tá iarrachtaí á ndéanamh ag NORA i gcónaí chun barr feabhais a chur ar "luach ar airgead" ina chuid oibríochtaí, go háirithe i ndáil lena chostais leanúnacha stórála agus maoiniúcháin, ar nithe iad sin atá comhionann le níos mó ná 90% de chostais iomlána bhliantúla oibríochta NORA.
Mar atá luaite thuas, rinne NORA clár athmhaoiniúcháin a chur i gcrích go luath sa bhliain 2012.

Mar ullmhúchán chuige sin, tá NORA ag cur barr feabhais ar a staid airgid thirim, tá rioscaí á n-íoslaghdú agus tá aird chuí á dtabhairt ar na nithe seo a leanas:

(a) a riachtanais leanúnacha airgeadais agus, go háirithe, athruithe suntasacha ar chonarthaí stórála agus ar shocruithe maidir le forbairt stórála atá beartaithe agus a bhfuil conarthaí ann ina leith sna blianta atá romhainn.

(b) stoic ola atá bainteach leis na hathruithe in (a) thuas a fháil

(c) iasachtaí a thagann in aibíocht sa bhliain 2012 agus sa bhliain 2013 agus ar €326.5 milliún a méid iomlán

Ba é a bhí in iarmhéid deiridh airgid thirim NORA ar an 31 Nollaig 2011 ná €104.3 milliún. Agus na gealltanais faoi (a) go (c) thuas á gcur san áireamh, is staid shealadach í an staid airgid thirim sin agus tá pleananna déanta chun an cúltaca airgid thirim sin a úsáid sa bhliain 2012 agus dá éis ar bhonn gealltanas a rinneadh agus/nó atá beartaithe agus ar féidir an achoimre seo a leanas a thabhairt ina leith:

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

	€ milliún
Airgead Tirim ar Láimh ar an 31 Nollaig 2011	104.3
Tionscadail Athsholáthair Stórála 2012	(5.1)
Ceannach Stoc 2012	(81.4)
Aisíocaíochtaí Iasachta 2012	(106.5)
Glanstaid	(88.7)

Treoir Nua an AE maidir le Stoic Straitéiseacha

Sa bhliain 2009, tar éis próisis mhionsonraithe comhairliúcháin ar fud an AE, cheadaigh Coimisiún an AE Treoir nua AE maidir le Stoic Straitéiseacha Ola (Treoir 2009/119/CE/2009 ón gComhairle) agus cuireadh an Treoir nua sin in ionad na reachtaíochta a bhí ann roimhe sin. Is é atá sa phríomhathrú sa Treoir nua ná ailíniú tomhaiseanna stoc le córas na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA).

Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh sé de cheangal ar NORA oibleagáid iomlán 90 lá na hÉireann a shealbhú ón 1 Aibreán 2013 ar aghaidh.

Éiríonn an t-athrú sin ar oibleagáid stoc NORA go príomha as na nithe seo a leanas:

- Athrú ar an mbonn ar dá réir a ríomhtar toirteanna oibleagáide bliantúla ó "tomhaltas" bliantúil go dtí "glanallmhairí" bliantúla chun modh ríofa an AE a ailíniú le modh na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA); agus

- Maidir leis na toirteanna stoc Tionscail a shealbhaítear faoi láthair ar bhonn leanúnach agus ar féidir iad a áireamh mar stoic straitéiseacha faoi Threoir reatha an AE maidir le Stoic Straitéiseacha, ní cheadófar a thuilleadh iad a áireamh mar stoic straitéiseacha faoi Threoir nua an AE maidir le Stoic Straitéiseacha.

Tá idirchaidreamh dlúth ann idir an Ghníomhaireacht agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha d'fhonn a chinntiú go mbeidh sí sách ullamh chun a hoibleagáidí faoin Treoir nua a chomhlíonadh, agus chun leanúint de bheith á comhlíonadh, nuair a thiocfaidh sí i bhfeidhm.

Comhdhéanamh Thobhach NORA

Tá miondealú leagtha amach anseo thíos ar chéatadáin toirte an tobhaigh de réir an táirge don bhliain 2011, mar aon le figiúirí inchomparáide don bhliain 2010.





Scairshealbhóireacht NORA

Tá léiriú grafach ar mhiondealú scairshealbhaíocht NORA sa tréimhse ó 2006 go 2011 ('000 tona) leagtha amach anseo thíos



An Scéim maidir leis an Oibleagáid Bhithbhreosla

Rinne NORA tús a chur le riaradh a dhéanamh ar Scéim na hÉireann maidir leis an Oibleagáid Bhithbhreosla ar an 1 Iúil 2010 go gairid tar éis thabhairt isteach "An tAcht Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2010". Tugadh isteach an reachtaíocht sin chun éifeacht a thabhairt ar Threoir AE 2009/28/CE maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.

Leagann an Scéim oibleagáid ar sholáthróirí ola mianrúla a chinntiú gur Bithbhreosla arna tháirgeadh as foinsí in-athnuaite e.g. Eatánól agus Bithdhíosal 4.166% (de réir toirte) de na mótarbhreoslaí (Gásailín agus Díosal Mótair, de ghnáth) a chuireann siad ar an margadh.

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Faoi théarmaí na Rialachán fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach Bithbhreosla) 2011, tá Tobhach Bithbhreosla 2.00 cent in aghaidh an lítir iníoctha ar dhíolacháin gach Bithbhreosla isteach sa mhargadh le héifeacht ón 1 Iúil 2010.

Sa bhliain 2010, ba é a bhí sa leibhéal Bithbhreoslaí a cuireadh ar an margadh sa tréimhse thosaigh oibleagáide ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2010 ná 98.0 milliún lítear, ar figiúr é atá comhionann le 4.29% de na toirteanna iomlána cónasctha (ola mhianrúil agus bithbhreoslaí) a cuireadh ar an magadh, agus le 4.49% den toirt ola mianrúla amháin a cuireadh ar an margadh, agus bhí an figiúr sin os cionn na sprioctheoirte oibleagáide 4.166%

Sa bhliain 2011, ba é a bhí sa toirt iomlán Bithbhreoslaí a cuireadh ar an margadh ná 144.6 milliún lítear. Agus an toirt Bithbhreoslaa raibh deimhniú dúblach i bhfeidhm maidir léi mar go raibh sí déanta as ábhair a aicmítear mar "dramhaíl" á cur san áireamh, , ba é a bhí sa toirt éifeachtach iomlán a cuireadh ar an margadh ná 190 milliún lítear agus tá an figiúr sin comhionann le 3.4% de Bhreoslaí Mótair.

Nuair a dhéantar suimiú leis na toirteanna Bithbhreoslaí a cuireadh ar an margadh sa bhliain 2010, de bhreis ar an sprioc maidir le comhlíonadh don tréimhse oibleagáide sin, baineadh amach an sprioc maidir le comhlíonadh sa bhliain 2011.

Gné thábhachtach de riaradh na Scéime Oibleagáide Bithbhreosla ag NORA is ea a chinntiú go gcloítear le leibhéil dhóthanacha maidir le comhlíonadh na Scéime mar gurb ionann an méid úsáide a bhaintear as breoslaí mótair in-athnuaite agus tomhas tábhachtach maidir le cé chomh mór atá an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite á comhlíonadh ag Éirinn.

Chuige sin, rinne an Ghníomhaireacht tuarascáil mhionsonraithe faoi chomhlíonadh na Scéime Oibleagáide Bithbhreosla sa bhliain 2010 a sholáthar don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Rinneadh tuarascáil den tsamhail chéanna a ullmhú don bhliain 2011.

De bhreis air sin, sheol an Ghníomhaireacht iniúchóireacht mhionsonraithe ar rannpháirtithe sa Scéim Oibleagáide Bithbhreosla i gcomhthéacs théarmaí na scéime agus tíolacadh tuarascáil iomlán faoin ábhar sin don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Tá gníomh déanta de bharr chinntí agus mholtaí na hiniúchóireachta agus tá sé beartaithe iniúchóireacht eile a dhéanamh sa bhliain 2012.

Sa bhliain 2012 cuirfear tús le critéir maidir le tomhas inbhuanaitheachta Bithbhreoslaí de réir cheanglais Airteagail 18 agus 19 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite. Déileáladh leis an soláthar ina leith sin trí thabhairt isteach reachtaíochta nua, is é sin le rá, I.R. Uimh. 33 de 2012 a bhfuil feidhm aige ón 2 Feabhra 2012.

Mar ullmhúchán dó sin, d'oibrigh NORA go dlúth le hionadaithe ó Rannán na mBreoslaí In-athnuaite sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i ndáil le forbairt a dhéanamh ar na caighdeáin agus ar an modheolaíocht le haghaidh oibriú na reachtaíochta ar mhodh a bheadh mar thacaíocht maidir le comhlíonadh a bhaint amach i dtaca le ceanglais na reachtaíochta sa mhargadh.



Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird agus leis an bhfoireann as a ndíograis agus as a gcúnamh i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire agus leis na hiar-Airí is déanaí a bhí ann as an spreagadh atá tugtha acu agus as an spéis atá léirithe acu maidir le hobair na Gníomhaireachta. Gabhaim buíochas freisin le foireann Rannán Soláthair Ola na Roinne as a dtacaíocht agus as a gcúnamh leanúnach ar fud na bliana.

_____

Aidan Donnelly
Cathaoirleach
Bealtaine 2012

The National Oil Reserves Agency Limited

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais iniúchta ar fáil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011.

Príomhghníomhaíochtaí agus athbhreithniú an ghnó

Bunaíodh an Ghníomhaireacht mar Ghníomhaireacht ar bhonn reachtúil ar an 1 Lúnasa 2007 faoi choimirce an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Oibríonn an Ghníomhaireacht de réir roinnt reachtanna agus rialachán, lena n-áirítear:

- An tAcht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007
- Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach) 2007 (I.R. Uimh. 567 de 2007) (agus leasuithe ina dhiaidh sin)
- An tAcht Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2010
- Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach Bithbhreosla) 2010 (I.R. Uimh. 356 de 2010)
- Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Muirear Ceannaigh na hOibleagáide Bithbhreosla) 2010 (I.R. Uimh. 644 de 2010)

Is é atá in oibríochtaí na Gníomhaireachta ná bainistíocht a dhéanamh ar stoic straitéiseacha na hÉireann de réir mar a cheanglaítear faoi reachtaíocht AE agus riaradh a dhéanamh ar Scéim na hÉireann um an Oibleagáid Bhithbhreosla. Comhlíonann an chuideachta a hoibleagáidí maidir le stoic ola trí úinéireacht a fháil ar stoic agus trí chomhaontuithe a dhéanamh le tríú páirtithe in Éirinn agus thar lear ar comhaontuithe iad chun stoic atá ar úinéireacht ag an gcuideachta a stóráil agus chun stoic straitéiseacha eile a chur ar fáil in imthosca sonracha áirithe.

Go dtí seo, tá formhór stoic na Gníomhaireachta á sealbhú agus á mbainistiú ag tríú páirtithe i saoráidí stórála faoi úinéireacht phríobháideach agus faoi oibriú príobháideach sa bhaile agus thar lear. Mar chuid d'fhorbairt phleananna na Gníomhaireachta i ndáil le stóráil fhadtéarma, áfach, tá léasanna fadtéarma déanta ag NORA i leith dhá shaoráid stórála (i Rinn na Séad agus i dTairbeart). Le coimisiúnú Rinn na Séad sa bhliain 2011, chuir an Ghníomhaireacht tús le freagracht as oibriú agus as cothabháil na saoráidí sin de réir na rialachán go léir atá i bhfeidhm, agus béim ar leith á leagan ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar chomhlíonadh rialachán. Ina dhiaidh sin déanfar an cur chuige sin a leathnú chuig bainistiú agus oibriú shaoráid stórála Thairbirt nuair a chríochnófar í sa bhliain 2012.

Tar éis thosach feidhme an Achta Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2010, rinneadh an obair a ghabhann le riaradh na Scéime um an Oibleagáid Bhithbhreosla, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2010, a tharmligean chuig an nGníomhaireacht. Rinne an Ghníomhaireacht an dara tréimhse oibleagáide bithbhreosla (1 Eanáir go 31 Nollaig 2011) a riaradh go rathúil de réir cheanglais na scéime agus déanfaidh sí an riaradh sin a oiriúnú chun freastal ar cheanglais na scéime amach anseo de réir mar a dhéantar forbairt orthu.

The National Oil Reserves Agency Limited

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar leanúint)

Tá costais oibríochtaí na Gníomhaireachta inghnóthaithe ag an gcuideachta tríd an tobhach ar stoic ola (ola mhianrúil agus bithbhreosla) ar tobhach é, bliain i ndiaidh bliana, atá leordhóthanach chun íoc as na costais a thabhaíonn an chuideachta le linn a dualgais a chomhlíonadh faoi na Rialacháin, gan é a bheith níos mó ná na costais sin.

Ní shamhlaítear do na stiúrthóirí go dtiocfaidh aon athruithe suntasacha ar phríomhghníomhaíochtaí na cuideachta sna blianta atá díreach romhainn.

Priacail agus bainistiú gnó

Is é atá sna príomhphriacail ghnó a éiríonn as gníomhaíochtaí na cuideachta ná priacail maidir leis an ráta úis, le praghas ola, le malairt choigríche, le contrapháirtí, le creidmheas agus le leachtacht. Déanann an Bord polasaithe maidir le bainistiú gach ceann de na priacail sin a cheadú agus a athbhreithniú go tréimhsiúil agus cinntíonn siad go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le tuairisciú.

Déantar stoic a mhaoiniú go príomha trí shaoráidí creidmheasa imrothlaigh meántéarma a bhfuil mar aidhm acu próifíl chomhardaithe aibíochta a bheith ann. Faightear iasachtaí san Euro ionas go meaitseáiltear ioncam tobhaigh. Ní dhéantar stoic straitéiseacha táirgí ola atá ar úinéireacht ag an gcuideachta a fhálú mar nach eol an dáta diúscartha.

Is é atá sa pholasaí reatha ná próifíl chomhardaithe fiachais a bheith ann de réir rátaí seasta úis agus rátaí comhlúthacha úis. Is féidir an leibhéal sin a mhéadú nó a laghdú, áfach, i gcás ina n-úsáidtear barrachais ghearrthéarma airgid chun fiacha a aisíoc nó in oirchill iasachtaí a bheidh á bhfáil sa todhchaí. Déantar rátaí úis a shocrú trí leas a bhaint as malartú rátaí úis.

Éiríonn priacal maidir le rátaí malairte ar cheannacháin agus ar dhiúscairtí stoc straitéiseach agus ar chostais áirithe oibríochta. Déantar spotchonarthaí agus conarthaí todhchaí, agus roghanna, in airgeadra coigríche a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar luaineacht a éiríonn as athruithe ar rátaí airgeadra agus chun costais a íoslaghdú.

Déanann an Ghníomhaireacht iarracht iarmhéideanna airgid thirim i gcuntais reatha a íoslaghdú. Déantar barrachais airgid thirim a thaisceadh le bainc ag a bhfuil seasamh cuí creidmheasa agus ar mhodh trína soláthraítear an fáltas is iomaíche.

Úsáidtear na hionstraimí airgeadais go léir chun meaitseáil a dhéanamh i leith buncheanglas fisiciúil agus ní nithe amhantracha iad. Ina theannta sin, tá idirbhearta airgeadais a dhéantar i gcomhréir le Sonraíocht an Aire Airgeadais faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Déantar tuilleadh mionsonraí i ndáil le polasaí cisteáin a thabhairt i nóta 12 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Torthaí don tréimhse

Tá na torthaí le fáil ar leathanaigh 26 - 27 de na ráitis airgeadais. De réir mar a shonraítear sa chuntas sochair agus dochair, rinneadh brabús €35.9 milliún ar dhíol Stoc Straitéiseach (2010: €66.1 milliún) a thaifeadadh sa bhliain 2011. Éiríonn an brabús as díol stoc i ngnáthchúrsa gnó.

Leasanna na stiúrthóirí agus rúnaí na cuideachta

D'éirigh Katherine Licken as an mBord ar an 7 Aibreán 2011. Rinneadh Aoife MacEvilly a cheapadh chun an Bhoird ar an 11 Aibreán 2011.

Maidir leis na stiúrthóirí agus rúnaí na cuideachta a bhí i seilbh oifige ar dháta an chláir chomhardaithe, ní raibh aon leas tairbhiúil i scairchaipiteal aon chuideachtaí de chuid an ghrúpa acu le linn na bliana airgeadais nó ar dháta an chláir chomhardaithe.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Tá treoirlínte an Rialtais maidir le híoc táillí Stiúrthóirí a gcomhlíonadh.

Is mar a leanas atá Táillí Stiúrthóirí *per annum* agus íocadh iad: (ón 1 Eanáir 2010, agus an laghdú 10% le héifeacht ón dáta sin á chur san áireamh):

		€
An Cathaoirleach:	Aidan Donnelly	8,978
Stiúrthóirí:	Vincent Caffrey	5,985
	Seán Fitzgerald	5,985
	Pat Meehan	5,985
		26,933

Maidir le luach saothair na gcomhaltaí neamhfheidhmeannacha den bhord i dtaca le comhlíonadh na ndualgas sin don chuideachta, tá sé de réir threoirlínte an Rialtais.

Freastal Stiúrthóirí ar chruinnithe Boird

De réir cheanglais mhír 3.8 den Chód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit, is achoimre an méid seo a leanas ar fhreastal gach Comhalta den Bhord ar chruinnithe Boird sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011.

An líon cruinnithe Boird a bhí ann:	8
<u>Tinreamh:</u>	
Aidan Donnelly	8
Vincent Caffrey	6
Seán Fitzgerald	7
Katherine Licken	1
Oliver Whelan	7
Aoife MacEvilly	7
Pat Meehan	8

(Nóta: Rinneadh Aoife MacEvilly a cheapadh mar Stiúrthóir ar an 11 Aibreán 2011 agus d'éirigh Katherine Licken as oifig mar Stiúrthóir ar an 7 Aibreán 2011.)

The National Oil Reserves Agency Limited

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar leanúint)

Imeachtaí a tharla tar éis dháta an chláir chomhardaithe

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha ó dháta an chláir chomhardaithe ná ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo.

Sláinte agus Sábháilteacht

Déantar leas fhostaithe na Gníomhaireachta a choimirciú trí chloí go docht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, forchuirtear ceanglais áirithe ar fhostóirí agus glacann an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta na bearta riachtanacha lena chinntiú go bhfuil an tAcht sin á chomhlíonadh.

Nochtadh Rúnda

De réir fhorálacha Chlásal 2.11 den Chód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stait, cheadaigh an Bord polasaí na Gníomhaireachta maidir lena chinntiú go bhfuil deis ag fostaithe ábhar imní a ardú faoi mhírialtachtaí ionchasacha sa tuairisciú airgeadais nó faoi nithe eile.

Íoc Pras Cuntas

Comhlíonann NORA forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002 agus forálacha réamhtheachtaí na Rialachán sin, is é sin le rá, an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1999.

De réir Chinneadh S29296 ón Rialtas an 8 Márta 2011 maidir le hÍocaíochtaí Prasa, oibríonn NORA polasaí a fhágann, i gcás nach bhfuil díospóid ann, go ndéantar íocaíocht i leith gach sonraisc ó sholáthróirí laistigh de 15 lá ón dáta a fhaightear an sonrasc. Más iomchuí, leanfaidh NORA d'íocaíochtaí a thabhairt do sholáthróirí i gcomhréir le socruithe conartha a bhféadfadh cuid díobh a bheith lasmuigh de raon feidhme an cheanglais réamhluaite maidir le hÍoc Pras laistigh de 15 lá.

Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil ceanglais Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, comhlíonta acu i dtaca le leabhair chuntais trí phearsanra cuntasaíochta ag a bhfuil oilteacht chuí a fhostú agus trí dhóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais na cuideachta ag 7 Cearnóg Clanwilliam, Cé na Mórchanálach, Baile Átha Cliath 2.

Iniúchóirí

De réir Alt 29(2) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007, tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste arna cheapadh mar iniúchóir ar an nGníomhaireacht.

Thar ceann an bhoird

_____	_____
Aidan Donnelly	***Aoife MacEvilly***
Stiúrthóir	***Stiúrthóir***

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i leith Thuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráiteas airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Tá ceangal ar na stiúrthóirí, de réir an Achta um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 agus de réir dlí Cuideachta, ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh na stiúrthóirí ráitis airgeadais na cuideachta a ullmhú de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a nGlactar leis i gCoitinne in Éirinn, ar cleachtas é ina gcuimsítear an dlí is infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ceanglaítear le dlí go dtabharfaidh ráitis airgeadais na cuideachta léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar a barrachas nó ar a easnamh don tréimhse lena mbaineann.

Le linn gach ceann de na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i ngníomh.
- a lua ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon athruithe ábhartha, arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ar leabhair iad ina nochtar go réasúnta cruinn, aon tráth áirithe, staid airgeadais na cuideachta agus a chumasaíonn dóibh a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Ina theannta sin, tá siad freagrach as cibé bearta a dhéanamh atá ar fáil dóibh go réasúnach chun sócmhainní na cuideachta a choimirciú agus chun calaois agus mí-rialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as Tuarascáil Stiúrthóirí a ullmhú ar tuarascáil í a chomhlíonann ceanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009.

Thar ceann an bhoird

_____	_____
Aidan Donnelly	***Aoife MacEvilly***
Stiúrthóir	***Stiúrthóir***

The National Oil Reserves Agency Limited

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád ar bun agus a oibriú don eagraíocht.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcoimirciú, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mí-rialtachtaí á gcosc nó go ndéanfaí iad a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil. Le linn éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais a bhreithniú, tugann an Bord aird, i measc nithe eile, ar cheanglais an Chóid Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit.

Na Príomh-Nósanna Imeachta maidir le Rialú

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach ann tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta a bhunú chun rialú a dhéanamh ar mhainneachtainí suntasacha, agus a chinntiú go ndéantar gníomhartha cuí ceartúcháin;
- sainChoiste Priacal agus Iniúchta a bhunú;
- feidhmeanna Boird agus feidhmeanna Bainistíochta a scaradh go soiléir óna chéile;
- Cód Iompair Gnó a fhoilsiú do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhoireann na Gníomhaireachta;
- feidhm Iniúchta Inmheánaigh a bhunú;

Tá próisis bunaithe ag an mBord freisin chun priacail ghnó a shainaithint agus a mheasúnú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cineál, méid agus impleachtaí ionchasacha na bpriacal atá ann don Bhord a shainaithint, lena n-áirítear méid na bpriacal agus na hearnálacha a mheasann sé a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh priacail a shainaithnítear;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na priacail a bhíonn ann a bhainistiú agus a mhaolú;
- aird a thabhairt ar na costais a ghabhann le hoibriú rialuithe áirithe i gcoibhneas leis an tairbhe a fhaightear astu;

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat ina gcuimsítear eolas rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear dualgais a scaradh óna chéile, agus córas maidir le tarmligean agus cuntasacht.
Go háirithe, áirítear an méid seo a leanas ann:

- córas cuimsitheach buiséadachta ina gcuimsítear buiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag an mBord;
- athbhreithnithe rialta ag an gCoiste Priacal agus Iniúchta agus ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais, idir thuarascálacha tréimhsiúla agus thuarascálacha bliantúla, ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le spriocanna;
- spriocanna a leagan amach maidir le feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíocht de chineál eile a thomhas;
- iniúchtaí inmheánacha rialta

The National Oil Reserves Agency Limited

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais
(ar leanúint)

Tá feidhm an iniúchta inmheánaigh thar a bheith tábhachtach i dtaca leis an mBord a choimeád ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Oibrítear an fheidhm iniúchta inmheánaigh de réir an Chóid Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit. Déantar feidhm iniúchta inmheánaigh na Gníomhaireachta Cúltaca Ola Náisiúnta a chomhlíonadh trí chonradh le Deloitte & Touche.

Le linn an plean iniúchta inmheánaigh bhliantúil a ullmhú úsáidtear eolas ó anailís ar na priacail nach mór don Ghníomhaireacht déileáil leo agus tá forbairt déanta ar Clár Priacal foirmiúil tar éis anailís iomlán a dhéanamh ar na priacail. Déanann an Coiste Priacal agus Iniúchta pleananna inmheánacha iniúchta a fhaomhadh. Ina theannta sin, déanann an Coiste Priacal agus Iniúchta an anailís ar phriacail a fhaomhadh agus ceadaíonn an Bord í. Soláthraíonn na hiniúchóirí inmheánacha tuarascálacha don Choiste ar obair atá déanta. Tugann na tuarascálacha sin suntas d'aon easnaimh nó laigí, más ann, sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Maidir le comhfhreagras leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lena n-áirítear Litir na Bainistíochta Iniúchóireachta, agus maidir le haon saincheisteanna a ardaítear inti, tarraingítear aird an Choiste Priacal agus Iniúchta agus an Bhoird orthu, rud a chinntíonn go ndéileáiltear leis na saincheisteanna a ardaítear.

Le linn na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2011, rinne an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta, trí ghníomhaíocht an Bhoird, faireachán ar obair an Lucht Bainistíochta i réimse an rialaithe airgeadais. Go sonrach, rinne an Bord scrúdú ar na nithe seo a leanas:

- cuntais bhainistíochta dhémhíosúla, mar aon le hainilísí agus míniú ar chlaonadh suntasach ón mbuiséad
- cuntais bhliantúla don bhliain 2011 mar aon le míniú ar dhifríochtaí suntasacha
- an buiséad bliantúil agus an plean airgeadais don bhliain 2012

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Daingním, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2011, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird

_____

Aidan Donnelly
Cathaoirleach
Bealtaine 2012

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

AN GHNÍOMHAIREACHT CHÚLTACA OLA NÁISIÚNTA

Tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do

Thithe an Oireachtais

Féach leathanach 22 lastall.

The National Oil Reserves Agency Limited

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais

An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta Teoranta

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireacht Cúltaca Ola Náisiúnta Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 iniúchta agam faoi Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Sochar and Dochar, Ráiteas na nGnóchan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn na nithe sin a ullmhú agus an dlí is infheidhme agus an Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar staid a barrachais nó a heasnaimh agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá ormsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Seoltar m'iniúchadh faoi threoir na nithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeán Eitice an Bhoird Cleachtas Iniúchóireachta do Chuntasóirí.

Scóip an iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna, agus ar na nithe a nochtar, sna ráitis airgeadais, ar fianaise í atá dóthanach chun go mbeidh deimhniú réasúnach ann go bhfuil na ráitis saor ó aon mhí-ráiteas ábhartha, cibé acu is calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear sa mhéid sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- an oireann na polasaithe cuntasaíochta do chúinsí na cuideachta agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go dóthanach iad
- réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, agus
- tíolacadh foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht le linn an iniúchta chun fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

De bhreis air sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus an fhaisnéis neamhairgeadais atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireachtaí ábhartha a shainaithint i ndáil leis na ráitis airgeadais. Má thagaim ar an eolas faoi aon mhí-ráitis shoiléire ábhartha nó ar aon neamhréireachtaí soiléire ábhartha, breithním na himpleachtaí atá ann do mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Cuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2011 agus ar a bharrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta. Is é mo thuairim gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Is ionann glansócmhainní na cuideachta, de réir mar atá luaite sa chlár comhardaithe, agus méid is mó ná leathchuid dá scairchaipiteal glaoite agus, i mo thuairimse, ar an mbonn sin, ní raibh staid airgeadais ann ar an 31 Nollaig 2011 a d'fhágfadh nárbh fholáir, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983, cruinniú ginearálta urghnách den Chuideachta a ghairm.

Nithe a dtugaim tuairisc ina leith ar mhodh eisceachta

Tugaim tuairisc ar mhodh eisceachta más rud é:

- go dtugtar faoi deara le linn m'iniúchta go bhfuil ócáid ábhartha ann nuair nach ndearnadh airgead a úsáid chun na gcríoch a beartaíodh dó nó nuair nár chomhlíon na hidirbhearta na húdaráis a raibh siad faoina rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain ar ina leith a ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach gur chomhlíon an chuideachta an Chóid Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit, nó
- go n-aimsím nithe ábhartha eile a bhaineann leis an modh inar seoladh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a bhfuil tuairisciú le déanamh orthu ar mhodh eisceachta.

Gerard Smyth

Thar ceann agus ar son
An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Meitheamh 2012

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhréireach le linn déileáil le hítimí a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais na cuideachta.

An bonn atá leis an ullmhú

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn faoin nósmhaireacht costais stairiúil agus comhlíonann siad Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais an Bhoird um Chaighdeáin Chuntasaíochta arna fhoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Láimhdeachas

Is ionann láimhdeachas agus an luach sonrasctha a ghabhann le hioncam tobhaigh, gan cáin bhreisluacha a áireamh. Aithnítear láimhdeachas ar bhonn na méideanna tobhaigh atá dlite, i leith na bliana, de réir fógra ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Cánachas

Soláthraítear cáin reatha de réir méideanna ar dóigh dóibh a bheith le híoc trí úsáid a bhaint as na rátaí cánach agus na dlíthe atá achtaithe nó achtaithe go substainteach ar dháta an chláir chomhardaithe.

Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith na ndifríochtaí uainithe go léir atá tionscanta, gan a bheith freaschurtha, ar dháta an chláir chomhardaithe i gcás ina bhfuil idirbhearta nó imeachtaí, atá ina gcúis le hoibleagáid chun tuilleadh cánach a íoc sa todhchaí nó ina gcúis le ceart chun níos lú cánach a íoc sa todhchaí, tar éis tarlú ar dháta an chláir chomhardaithe. Tá soláthar ann de réir na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a fhreaschuirtear na difríochtaí uainithe. Is é atá i ndifríochtaí uainithe ná difríochtaí idir brabúis inchánach na cuideachta agus a cuid torthaí mar atá luaite sna ráitis airgeadais ar difríochtaí iad a éiríonn as gnóchain agus caillteanais a chur san áireamh i measúnachtaí cánach i dtréimhsí nach ionann agus iad sin ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar glansócmhainn chánach iarchurtha mar rud atá inghnóthaithe agus, dá bhrí sin, ní aithnítear í ach amháin más rud é, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur féidir a mheas gur dóichí ná a mhalairt go mbeidh brabúis oiriúnacha inchánach ann óna bhféadfar freaschur todhchaí na ndifríochtaí bunúsacha uainithe a asbhaint.

Sócmhainní dochta inláimhsithe agus díluachadh

Déantar sócmhainní dochta inláimhsithe a lua de réir a gcostais lúide díluachadh carnaithe.

Déantar an muirear ar dhíluachadh a ríomh chun costas na sócmhainní dochta inláimhsithe a scríobh síos i leith a luachanna iarmhartacha measta de réir tráthchodanna comhionanna bliantúla thar a saolré fhóinteach ionchasach mar a leanas:

Mótarfheithiclí	-	Iarmhéid Laghdaitheach 25% roimhe seo
Mótarfheithiclí	-	Líne Dhíreach 33% ón mbliain 2011
Feistis, daingneáin	-	Líne Dhíreach 15%
Trealamh Ríomhaire	-	Líne Dhíreach 33%

Stoic Straitéiseacha

Déantar stoic straitéiseacha de tháirgí peitriliam a luacháil de réir costais. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh, lastas agus costais eile a thabhaítear le linn na stoic a thabhairt chuig a suíomh agus chuig a riocht láithreach. Déantar stoic straitéiseacha a aicmiú mar shócmhainní dochta mar nach mbeartaítear iad a dhíol sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma.

Airgeadraí coigríche

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a thaifeadadh de réir an ráta atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart nó de réir ráta conartha.

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú go Euro de réir an ráta malairte atá infheidhme ar dháta an chláir chomhardaithe, ach amháin i gcás ina mbaineann an t-idirbheart go sonrach le conradh malairte coigríche todhchaí agus, sa chás sin, déantar an t-aistriú de réir an ráta conartha malairte. Is sa chuntas sochair agus dochair a dhéileáiltear le gach difríocht malairte a éiríonn.

Stoc-thicéid

Is é atá i stoc-thicéid ná conarthaí sealbhaíochta gearrthéarma ar fúthu a aontaíonn contrapháirtí ola a shealbhú a bheidh ar fáil don Ghníomhaireacht i rith thréimhse na gconarthaí agus ar fúthu atá rogha ag an nGníomhaireacht chun ola a cheannach in imthosca éigeandála le linn thréimhse an chonartha ar phraghas atá le cinneadh sa todhchaí. Déantar costas na dticéad sin a mhuirearú ar an gcuntas sochair agus dochair sa tréimhse lena mbaineann na conarthaí.

Léasanna oibríochta

Déantar cíosanna léasa oibríochta a mhuirearú ar an gcuntas sochair agus dochair ar bhonn líne dírí thar an téarma léasa.

Pinsin

Déantar socrú leis an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 maidir le scéim nó scéimeanna a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar, is é sin le rá, scéim nó scéimeanna a bhaineann le sochair aoisliúntais a dheonú don fhoireann. Is gá ceadú an Aire agus toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil i leith aon scéim den sórt sin sular féidir leis an nGníomhaireacht í a chur i bhfeidhm.

Tá scéim curtha faoi bhráid an Aire ag an nGníomhaireacht agus, fad a bheifear ag fanacht le ceadú foirmiúil ina leith, thoiligh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis an Modh-Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh a oibriú ar bhonn riaracháin. Oibríonn an scéim sin ar bhonn "scéim pinsean maoinithe" rud a chiallaíonn go ndéantar na sochair a réamh-mhaoiniú trí ranníocaí a dhéanamh le ciste ar leithligh faoi rialú na n-iontaobhaithe.

I mí na Nollag 2010, tar éis iarraidh a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chuir an Ghníomhaireacht togra faoi bhráid na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar togra é inar leagadh amach na socruithe riachtanacha nach mór a chur i bhfeidhm chun aistriú an chiste pinsin láithrigh chuig an Roinn a chur i gcrích.

I mí Iúil 2011, áfach, chuir an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha in iúl do NORA go raibh comhairle faighte acu ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in iúl á rá go raibh cinneadh déanta acu gan glacadh leis an rogha maidir le scéimeanna pinsean na hearnála poiblí a thabhairt isteach i Modh Maoiniúcháin Bhord na bPinsean ar tríd a ghlacfadh an Státchiste le dliteanas i leith an mhaoiniúcháin ar bhonn "íoc de réir a chéile".

Dá bhrí sin, cheadaigh Bord NORA cur i gcrích na socruithe riachtanacha go léir chun Scéim Pinsean NORA a chur ar bun ar bhonn aonair lena n-áirítear bailchríoch a chur ar an nGníomhas Iontaobhais agus ar Rialacháin na Scéime agus ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fháil i leith na Scéime.

San idirlinn, ós rud é go bhfuil an scéim á chothabháil ar bhonn neamhspleách i gcónaí, agus ag féachaint do na himpleachtaí gaolmhara maidir le maoiniú pinsean, measann an Ghníomhaireacht gur cuí forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 17 a chur i bhfeidhm.

Is é atá sa mhuirear pinsin sa chuntas sochair agus dochair ná an costas reatha seirbhíse móide an difríocht idir an fáltas a bhfuiltear ag súil leis ó shócmhainní na scéime agus costas an úis a ghabhann le dliteanais na scéime. Déantar gnóchain agus caillteanais a éiríonn as athruithe ar thoimhdí achtúireachta agus as barrachais agus easnaimh a bhí ann a shainaithint sa ráiteas ar ghnóchain shainaitheanta iomlána don bhliain inar tharla siad.

Déantar sócmhainní na scéime a thomhas de réir luacha chóir. Déantar dliteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireachta trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta. Déantar barrachas i dtaca le dliteanais scéime thar shócmhainní scéime a chur i láthair mar dhliteanas sa Chlár Comhardaithe.

Rinneadh luacháil tríbhliantúil achtúireachta ar an scéim a chur i gcrích ar an 31 Nollaig 2011 agus, tríd an luacháil sin, cinneadh gur chomhlíon an scéim an caighdeán íosta maoinithe is gá. Déanfar an chéad luacháil achtúireachta eile, i gcomhthéacs an chaighdeáin íosta maoinithe, a chur i gcrích ar an 31 Nollaig 2012.

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Cuntas sochair agus dochair
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €	2010 €
Ioncam ón Tobhach	*1*	129,664,352	139,711,142
Cistí Státchiste atá infhaighte		731	-
Costais oibríochta	*2*	(38,751,721)	(34,812,704)
Cistí Státchiste atá iníoctha		(731)	-
Barrachas oibríochta – oibríochtaí leantacha		90,912,631	104,898,438
Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt stoc straitéiseach	*7*	35,880,453	66,130,896
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús agus cháin		126,793,084	171,029,334
Glan-ús is iníoctha	*3*	(4,763,794)	(8,623,842)
Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	*4*	122,029,290	162,405,492
Muirear cánachais ar bharrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	*6*	(626,983)	(600,738)
Brabús don bhliain airgeadais	*15*	121,402,307	161,804,754

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 22.

Thar ceann an bhoird

Aidan Donnelly
Stiúrthóir

Aoife MacEvilly
Stiúrthóir

Ráiteas ar ghnóchain agus ar chaillteanais iomlána aitheanta

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

	Nóta	2011 €	2010 €
Barrachas don bhliain airgeadais		121,402,307	161,804,754
		121,402,307	161,804,754
Fáltas iarbhír lúide fáltas a rabhthas ag súil leis ar shócmhainní na scéime	**20**	(70,490)	16,522
Gnóchain (caillteanais) a bhí ann i dtaca le dliteanais na scéime pinsin	**20**	7,239	32,870
Athruithe ar thoimhdí is bonn le luach láithreach dhliteanais na scéime pinsin	**20**	(42,912)	(39,362)
		(106,163)	10,030
Gnóchain agus caillteanais iomlána a aithníodh		121,296,144	161,814,784

Is é atá sa chaillteanas carnaithe sainaitheanta ó ghnóchain agus ó chaillteanais achtúireachta a d'éirigh sna cúig bliana seo caite ná €94,386.

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 22.

Thar ceann an bhoird

_____ _____

Aidan Donnelly ***Aoife MacEvilly***
Stiúrthóir ***Stiúrthóir***

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

Clár comhardaithe
Amhail ar an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Sócmhainní dochta			
Stoic straitéiseacha	*7*	695,136,335	548,239,905
Sócmhainní inláimhsithe	*8*	29,891	22,738
		695,166,226	548,262,643
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	*9*	47,001,746	45,792,950
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		104,267,722	145,013,999
		151,269,468	190,806,949
Creidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin			
Iasachtaí Bainc	*11*	(106,500,000)	(9,000,000)
Creidiúnaithe eile	*10*	(8,302,191)	(13,247,219)
Glansócmhainní /(glandliteanais) reatha		36,467,277	168,559,730
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		731,633,503	716,822,373
Creidiúnaithe: iasachtaí bainc atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	*11*	(220,000,000)	(326,500,000)
Glansócmhainní gan dliteanas pinsin a áireamh		511,633,503	390,322,373
Sócmhainn/(Dliteanas) pinsin	*20*	154,837	169,823
Glansócmhainní		511,788,340	390,492,196
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	*13*	1	1
Cuntas sochair agus dochair	*15*	511,569,288	390,258,158
Cúlchiste athluachála		64,214	64,214
Cúlchiste pinsin	*15*	154,837	169,823
Cistí scairshealbhóirí	*15*	511,788,340	390,492,196

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 22.

Thar ceann an bhoird

Aidan Donnelly
Stiúrthóir

Aoife MacEvilly
Stiúrthóir

The National Oil Reserves Agency Limited
An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta

An ráiteas ar shreabhadh airgid
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	*16*	85,931,875	99,376,961
Torthaí ó infheistíochtaí agus ó sheirbhísiú airgeadaithe	*17*	(4,736,664)	(9,248,277)
Cánachas		(1,906,441)	500,588
Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais	*17*	(111,035,047)	80,081,143
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh airgeadú		(31,746,277)	170,710,415
Airgeadú	*17*	(9,000,000)	(108,500,000)
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim don bhliain	*18*	(40,746,277)	62,210,415

Comhréiteach idir glansreabhadh airgid agus gluaiseacht sna glanchistí (Nóta 16)

Méadú/(laghdú) ar airgead tirim don bhliain	*18*	(40,746,277)	62,210,415
Glanmhéadú (glanlaghdú) ar fhiacha	*18*	9,000,000	108,500,000
Gluaiseacht sna glanfhiacha don bhliain	*18*	(31,746,277)	170,710,415
Glanfhiacha ag tús na bliana		(190,486,001)	(361,196,416)
Glanfhiacha ag deireadh na bliana		(222,232,278)	(190,486,001)

1. Ioncam ón Tobhach

Déantar ioncam ón tobhach a bhailiú de réir théarmaí na Rialachán seo a leanas:

(a) Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach) 2009 (I.R. Uimh. 220 de 2009);

(b) Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach) 2007 (I.R. Uimh. 567 de 2007);

(c) Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach Bithbhreosla) 2010 (I.R. Uimh. 356 de 2010); agus

(d) Na Rialacháin fán Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Muirear Ceannaigh na hOibleagáide Bithbhreosla) 2010 (I.R. Uimh. 644 de 2010).

De bharr thabhairt isteach na Scéime Oibleagáide Bithbhreosla, déantar láimhdeachas NORA a leithlisiú sna hearnálacha seo a leanas:

	2011	**2010**
	€	**€**
Breosla Iontaise	**126,772,911**	137,740,821
Bithbhreosla	**2,891,441**	1,970,321
	129,664,352	139,711,142

2. Costais Oibríochta

	2011	**2010**
	€	**€**
Costais Stórála	**29,269,595**	31,168,008
Stoc-thicéid	**2,362,690**	2,340,969
Costais oibríochta eile	**7,119,436**	1,303,727
	38,751,721	34,812,704

3. Glan-ús is iníoctha

	2011	2010
	€	€
Ús ar iasachtaí bainc	**10,329,976**	11,029,310
Ús bainc atá infhaighte	**(5,543,753)**	(2,403,298)
Ús tobhaigh atá infhaighte	**(1,139)**	(2,170)
Ús CBL atá infhaighte	**(21,290)**	-
	4,763,794	8,623,842

4. Barrachas roimh chánachas don bhliain

Thángthas air seo tar éis na hítimí seo a leanas a mhuirearú:

	2011	2010
	€	€
Luach Saothair na Stiúrthóirí	**26,933**	26,933
Luach saothair na nIniúchóirí	**16,800**	15,500
Díluachadh	**15,673**	15,225
Amúchadh	**2,227,632**	2,178,825

De réir cheanglais mhír 12.1 (iv) den Chód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit, is iad seo a leanas na táillí agus na caiteachais a íocadh leis an mBord sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011: Táillí €26,933.00 agus Taisteal €996.00

5. An líon foirne agus costais foirne

(a) Is mar a leanas a bhí an meánlíon daoine a bhí ar fostú ag an gcuideachta sa tréimhse airgeadais, arna anailísiú de réir earnála:

	2011	**2010**
Riarachán	**6**	5

Seo a leanas costais phá-rolla chomhiomlána i leith na bhfostaithe sin:

	2011	**2010**
	€	**€**
Pá agus tuarastail	**381,851**	375,381
Costais leasa shóisialaigh	**38,477**	34,093
Costais phinsin	**28,143**	30,732
	448,471	440,206

(b) De réir cheanglais mhír 12.1 (iv) den Chód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stait, is iad seo a leanas na sonraí a bhaineann le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011:

	€
Buntuarastal bliantúil	110,843
Íocaíochtaí iarbhír faoin scéim phá de réir feidhmíochta	22,169
Sochair eile lena n-áirítear gluaisteán cuideachta	12,916
	145,928

Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na gnáth-theidlíochtaí sa Mhodh-Scéim Aoisliúntais sochar sainmhínithe do státseirbhísigh.

(c) Rinneadh suim €31,330 a asbhaint sa bhliain 2011 i leith an Tobhaigh Pinsin agus íocadh í leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

6. Cánachas

	2011	2010
	€	€
Cáin chorparáide	**626,983**	600,853
Nithe a fhearann ar an muirear cánach don tréimhse		
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	**122,029,290**	162,405,492
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú faoin ráta caighdeánach cánach corparáide in Éirinn is é sin 12.50% (31 Nollaig 2010 : 12.50%)	**15,253,661**	20,300,687
Éifeachtaí na nithe seo a leanas:		
Ioncam neamh-inchánach	**(16,210,939)**	(17,464,164)
Caiteachais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach	**890,894**	565,916
Díluachadh de bhreis ar liúntais chaipitiúla	**398**	563
Ioncam atá inchurtha faoi cháin ag ráta níos airde cánach	**692,969**	300,326
Difríochtaí uainithe eile	**-**	-
Úsáid caillteanas a tugadh ar aghaidh	**-**	(3,102,590)
Muirear cánach reatha don tréimhse	**626,983**	600,738

Ní dhlíonn an chuideachta cáin chorparáide a íoc ar a ioncam tobhaigh don bhliain. De réir FRS 19, níor aithníodh aon sócmhainn chánach iarchurtha i leith caillteanas cánach a tugadh ar aghaidh ós rud é nach féidir a mheas, níos dóiche na a athrach, go mbeidh brabúis oiriúnacha ann amach anseo chun na caillteanais sin a tugadh ar aghaidh a fhrithláireamh. Is é atá sa tsócmhainn iomlán neamhaitheanta cánach iarchurtha a éiríonn as sin ná €28,244,893 amhail ar an 31 Nollaig 2011 (2010: €27,965,878).

7.	**Stoic**	**2011**	**2010**
		€	**€**
	Ar Chostas		
	Táirgí Peitriliam		
	Ag tús na bliana	**548,239,905**	562,191,727
	Breisithe i rith na bliana	**168,171,494**	60,130,565
	Díolacháin i rith na bliana	**(21,275,064)**	(74,082,387)
	Ag deireadh na bliana	**695,136,335**	548,239,905
	Brabús/(caillteanas) ar dhíol stoc straitéiseach		
	Glanfháltais ó dhíolacháin	**57,155,517**	140,213,283
	Lúide: Costas táirge	**(21,275,064)**	(74,082,387)
		35,880,453	66,130,896

Déantar stoic straitéiseacha a shealbhú ar threoir ón Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus ní bheartaítear iad a dhíol sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma. Ba é a bhí i gcostas athsholáthair na stoc ar an 31 Nollaig 2011 ná €996,109,422 (31 Nollaig 2010: €732,773,491). Déantar an costas athsholáthair a ríomh faoi threoir stoc fisiciúil arna sealbhú ag deireadh na bliana agus arna luacháil de réir meánphraghsanna margaidh do mhíonna na Nollag 2011 agus na Nollag 2010 faoi seach.

De réir mar atá luaite i Ráiteas an Chathaoirligh, éiríonn an brabús ar dhíol stoc straitéiseach as na stoic a tharraing an Ghníomhaireacht as roinnt suíomh stórála láithreach roimh thús a chur le stóráil stoc nua athsholáthair i suímh ionadacha sa bhliain 2011. Tá na fáltais ó dhíol stoc straitéiseach á n-athinfheistiú i bhfoirm maoiniúcháin do stoic athsholáthair.

8. Sócmhainní dochta inláimhsithe

	Motor Vehicles €	Office Equipment €	Computer Equipment €	Total €
Costas/athluacháil				
Ag tús na bliana	38,406	24,198	44,884	107,488
Breisithe i rith na bliana	40,082	-	-	40,082
Diúscairtí sa bhliain	(38,406)	-	-	(38,406)
Ag deireadh na bliana	40,082	24,198	44,884	109,164
Díluachadh				
Ag tús na bliana	20,408	20,759	43,583	84,750
Muirear don Bhliain	13,970	938	766	15,674
Diúscairtí sa bhliain	(21,151)	-	-	(21,151)
Ag deireadh na bliana	13,227	21,697	44,349	79,273
Amhail ar an 31 Nollaig 2011	26,855	2,501	535	29,891
Amhail ar an 31 Nollaig 2010	17,998	3,439	1,301	22,738

9. Féichiúnaithe

	2011 €	2010 €
Féichiúnaithe trádála	**11,871,708**	11,389,054
Cáin bhreisluacha	**985,864**	4,159,254
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	**33,293,759**	30,133,082
Cáin Chorparáide	**678,605**	-
Féichiúnaithe eile	**171,810**	111,560
	47,001,746	45,792,950

Tagann gach fiach chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin.

Tá féichiúnaithe glan ar sholáthar d'fhiachas amhrasta €410,657.

10. Creidiúnaithe: méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	**2011**	**2010**
	€	**€**
Creidiúnaithe trádála	**1,038,718**	900,531
Fabhrúcháin	**7,051,577**	11,625,712
Cáin chorparáide	**-**	600,738
ÍMAT/ÁSPC	**14,358**	10,906
Creidiúnaithe eile	**197,538**	109,332
	8,302,191	13,247,219

11. Creidiúnaithe: méideanna atá dlite tar éis tréimhse níos faide ná bliain amháin	**2011**	**2010**
	€	**€**
Iasachtaí bainc	**326,500,000**	335,500,000

Anailís ar aibíocht:

	2011	**2010**
	€	**€**
Tá iasachtaí bainc inaisíoctha mar a leanas:		
(a) Faoi bhun aon bhliain amháin	**106,500,000**	9,000,000
(b) Os cionn bliana	**220,000,000**	326,500,000
	326,500,000	335,500,000

12. Bainistiú priacail cisteáin

(a) Próifíl ráta úis agus airgeadra

Is mar a leanas a bhí próifíl iasachtaí bainc na cuideachta ar an 31 Nollaig 2011:

	Meánrátaí úis		Meánfhiachas	
	Seasta	Comhlúthach	Seasta	Comhlúthach
	%	%	€'000	€'000
Airgeadra				
Euro	**4.18**	**2.38**	**97,100**	**229,400**

(b) Sceideal na saoráidí geallta gan tarraingt

Tá saoráidí geallta gan tarraingt ag an gcuideachta maidir le hiasachtaí agus tiocfaidh siad in aibíocht laistigh de bhliain amháin mar a leanas:

Airgeadra	**€'000**
Euro	-

(c) Anailís Airgeadra

Seo a leanas anailís ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta arna n-ainmniú in airgeadra coigríche.

	€'000 USD	€'000 £ STG	€'000 DKK
Sócmhainní airgeadaíochta	5,297	165	254
Dliteanais airgeadaíochta	(310)	(112)	-
	4,987	53	254

(d) Luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais

Tá luach cóir shócmhainní airgeadais agus dhliteanais airgeadais gearrthéarmacha na cuideachta comhionann, tríd is tríd, lena leabharluach ar an 31 Nollaig 2011.

Ba é a bhí sa chaillteanas neamhréadaithe ar mhalartuithe ráta úis euro ar an 31 Nollaig 2011 ná suim atá comhionann, tríd is tríd, le €3.76 milliún.

13. Scairchaipiteal glaoite

Tá 100 gnáthscair €1.27 údaraithe agus bhí 1 scair díobh sin arna cionroinnt, arna glaoch agus arna híoc go hiomlán ar an 31 Nollaig 2011.

14. Cúlchiste athluachála

	2011	2010
	€	€
Amhail ar an 1 Eanáir 2011	**64,214**	10,417,443
Aistriú chuig an gcuntas sochair agus dochair	**-**	(10,353,229)
Amhail ar an 31 Nollaig 2011	**64,214**	64,214

Sa bhliain 2001, trí shocrú le Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta agus leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, rinne an chuideachta stoic straitéiseacha a bhí á sealbhú, an tráth sin, ag Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta a fháil ar íocaíocht ainmniúil. Rinne an chuideachta na stoic straitéiseacha sin a athluacháil de réir a gcostais ar Chorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta.

Measann na stiúrthóirí nach bhfuil an cúlchiste sin ar fáil lena dháileadh.

15. Comhréiteach gluaiseachtaí i gcistí scairshealbhóirí

	Cuntas Sochair & Dochair	Cúlchiste Athluachála	Cúlchiste Pinsin	Iomlán
	€	€	€	€
Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2011	390,258,158	64,214	169,823	390,492,195
Barrachas don bhliain airgeadais	121,402,307			121,402,307
Gluaiseacht sa chúlchiste athluachála - Gnóchan/(Caillteanas) Achtúireachta			(106,163)	(106,163)
Coigeartú Pinsin	(91,177)		91,177	-
	511,569,288	64,214	154,837	511,788,339

Rinneadh coigeartú chun an cúlchiste pinsin a chur i gcomhréir leis an dliteanas pinsin.

Foráiltear le hAlt 44(3) den Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 go bhféachfaidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, le linn ráta an Tobhaigh a chinneadh, lena chinntiú (bliain i ndiaidh bliana) gurb ionann na suimeanna a réadaítear trí na rátaí sin a chur i bhfeidhm ar na measúnachtaí toirte agus caiteachais mheasta na Gníomhaireachta ach nach mó ná na caiteachais sin iad. Dá bhrí sin, meastar, maidir leis an iarmhéid iomlán ar an gcuntas sochair agus dochair, nach bhfuil sé ar fáil lena dháileadh.

16. Comhréiteach idir an barrachas oibríochta agus glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta

	2011	2010
	€	€
Barrachas oibríochta	**90,933,942**	104,898,438
(Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe	**(438,180)**	(10,537,881)
(Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe	**(4,484,691)**	5,072,289
(Brabús)/caillteanas ar shócmhainní inláimhsithe	**(3,756)**	-
Díluachadh	**15,673**	15,225
Muirear pinsin lúide ranníoc	**(91,113)**	(71,110)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	**85,931,875**	99,376,961

17. Anailís ar shreabhadh airgid do cheannteidil ghlana sa ráiteas ar shreabhadh airgid

Torthaí ó infheistíocht agus ó sheirbhísiú airgeadaithe	**2011** **€**	2010 €
Ús a íocadh	**(10,189,523)**	(11,851,733)
Ús a fuarthas	**5,452,859**	2,603,456
	(4,736,664)	(9,248,277)

Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais

	2011 **€**	2010 €
Ceannach stoc straitéiseach	**(146,896,430)**	(60,130,565)
Ceannach sócmhainní dochta inláimhsithe	**(19,070)**	(1,574)
Fáltais ar dhíol stoc straitéiseach	**35,880,453**	140,213,283
	(111,035,047)	80,081,143

Airgeadú		
Iasachtaí bainc	**(9,000,000)**	(108,500,000)

18. Anailís ar ghlanfhiacha

	Ar an 1 Eanáir 2011 **€**	**Sreabhaidh airgid** **€**	**Ar an 31 Nollaig 2011** **€**
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	**145,013,999**	**(40,746,277)**	**104,267,722**
Rótharraingt bhainc			
	145,013,999	**(40,746,277)**	**104,267,722**
Iasachtaí bainc	**(335,500,000)**	**9,000,000**	**(326,500,000)**
	(335,500,000)	**9,000,000**	**(326,500,000)**
Glanfhiacha	**(190,486,001)**	**(31,746,277)**	**(222,232,278)**

19. Gealltanais

Gealltanais léasa oibríochta

Is é a bhí sna híocaíochtaí léasa iomlána a rinne an Ghníomhaireacht sa bhliain 2011 ná €30,945,114.

Tá leasanna léasacha ag an gcuideachta ina hoifig chláraithe ag 7 Cearnóg Clanwilliam, Baile Átha Cliath agus i saoráidí stórála ola i Rinn na Séad, Baile Átha Cliath, agus i dTairbeart, Co. Chiarraí.

Áitreabh

Tá gealltanais ag an nGníomhaireacht atá iníoctha suas go dtí an bhliain 2024 i leith léas 25 bliana dá cóiríocht oifige ag 7 Cearnóg Clanwilliam, Cé na Mórchanálach, Baile Átha Cliath 2. Déantar athbhreithnithe cíosa uair amháin gach 5 bliana agus is é atá sa chíos faoi láthair ná €49,649 sa bhliain.

Is mar a leanas na gealltanais bhliantúla faoi léasanna oibríochta ar dháta an chláir chomhardaithe:

	2011 Maoin € 000	**2011 Stóráil Ola € 000**	2010 Maoin € 000	2010 Stóráil Ola € 000
Ag dul in éag:				
Laistigh de bhliain amháin	**50**	**4,406**	50	4,346
Idir bliain amháin agus dhá bhliain	**100**	**2,387**	100	1,056
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	**200**	**17,534**	200	2,897
Tar éis níos mó ná cúig bliana	**350**	**4,978**	400	19,178
	700	**29,305**	750	27,477

Gealltanais airgeadra coigríche

Ní raibh aon ghealltanais airgeadra coigríche ag an gcuideachta ar an 31 Nollaig 2011.

Gealltanais chaipitiúla

Is mar a leanas an caiteachas caipitiúil todhchaí, ar an 31 Nollaig 2011, arna cheadú ag na stiúrthóirí i ndáil le stoic straitéiseacha a fháil:

	2011 € 000	2010 € 000
Faoi chonradh	**4,569**	1,465
Údaraithe ach gan aon chonradh ann	**500**	35,267

20. Pinsin

(a) Costais phinsin

	2011	2010
	€	€
Costas seirbhíse reatha	**61,328**	57,711
Costas úis	**59,296**	57,780
An fáltas ionchasach ó shócmhainní na scéime	**(74,132)**	(67,755)
Lúide: ranníocaí na bhfostaithe	**(18,349)**	(17,004)
	28,143	30,732

	2011	2010
	€	€
(bi) Glandliteanas pinsin		
Luach láithreach na n-oibleagáidí maoinithe	**1,281,118**	1,185,672
Luach cóir shócmhainní na scéime	**(1,435,955)**	(1,355,495)
Glandliteanas/(glansócmhainn)	**(154,837)**	(169,823)

(bii) Luach láithreach oibleagáidí na scéime		
Ag tús na bliana	**1,185,671**	1,100,900
Costas seirbhíse reatha	**61,328**	57,710
Costas úis	**59,296**	57,780
(Gnóchan)/caillteanas Achtúireachta	**35,673**	6,492
Sochair a íocadh	**(60,850)**	(37,211)
Luach láithreach oibleagáidí na scéime ag deireadh na bliana	**1,281,118**	1,185,671

	2011	2010
	€	€
(biii) Athrú ar shócmhainní na scéime		
Luach cóir shócmhainní na scéime ag tús na bliana	**1,355,495**	1,189,553
An fáltas ionchasach ó shócmhainní na scéime	**74,132**	67,755
Gnóchan/(caillteanas) Achtúireachta	**(70,490)**	16,522
Ranníocaí fostóra	**119,319**	101,872
Ranníocaí comhaltaí	**18,349**	17,004
Sochair a íocadh	**(60,850)**	(37,211)
Luach deiridh shócmhainní na scéime	**1,435,955**	1,355,495

20. Pinsin (ar leanúint)

Déantar an cleachtas reatha ar dá réir a mhéadaítear pinsin i gcomhréir le boilsciú tuarastal seirbhíse poiblí a chur i gcuntas le linn tomhas a dhéanamh ar an oibleagáid i leith sochar sainmhínithe.

(c) Tuairisc ar an scéim agus ar thoimhdí achtúireachta

Is é atá sa scéim pinsin ná socrú sochar sainmhínithe atá bunaithe ar thuarastal deiridh ar socrú é lena ngabhann sochair arna sainmhíniú faoi threoir rialachán 'múnla' reatha maidir le scéim na hearnála poiblí. Déantar rátaí rannioca fostóra a shocrú ag féachaint do chomhairle achtúireachta agus d'athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe is gá le haghaidh na scéime. Leis an scéim, soláthraítear pinsean (aon ochtódú in aghaidh gach bliana den tseirbhís), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh gach bliana den tseirbhís) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é atá sa Ghnáthaois Scoir ná 65ú breithlá an chomhalta. De ghnáth, déantar pinsin atá á n-íoc (agus atá iarchurtha) a mhéadú i gcomhréir le boilsciú ginearálta i dtuarastail earnáil na seirbhíse poiblí.

	2011	2010
Ráta lascaine	**4.80%**	5.00%
Méaduithe tuarastal	**3.50%**	3.50%
Méaduithe pinsean	**3.00%**	3.00%
Méaduithe boilscithe	**2.00%**	2.00%

Déantar toimhdí maidir le rátaí báis iarbhír sa todhchaí a shocrú ar bhonn táblaí foilsithe rátaí báis (PNML00/PNFL00) arna fhoilsiú ag gairm na hachtúireachta sa Ríocht Aontaithe. Tá na táblaí 00 bunaithe ar shonraí cuideachtaí árachais arna mbailiú idir na blianta 1999 agus 2002.

Tá na toimhdí a roghnaíodh maidir le rátaí báis bunaithe ar tháblaí caighdeánacha a léiríonn na gnáthrátaí báis i measc pinsinéirí agus tá lamháltas iontu maidir le méadú ar an tsaolré ionchasach le himeacht aimsire.

Is mar a leanas an tsaolré ionchasach, i mblianta, i gcás pinsinéara atá tar éis scor:

	Ag scor ag aois 65
Fir	21.7
Mná	23.4

Ag deireadh na bliana is mar a leanas a bhí sócmhainní na scéime:

	2011	2010
Cothromais	**37.88%**	38.20%
Bannaí	**56.66%**	56.10%
Maoin	**1.42%**	1.40%
Eile	**4.04%**	4.30%
	100.0%	100.0%

20. Pinsin (ar leanúint)

(c) Tuairisc ar an scéim agus ar thoimhdí achtúireachta (ar leanúint)

Fáltas iarbhír lúide fáltas a rabhthas ag súil leis ar shócmhainní na scéime

	2011	2010
	€	€
Fáltas iarbhír	**3,631**	84,277
Lúide: an fáltas a rabhthas ag súil leis	**(74,132)**	(67,755)
Gnóchan/(caillteanas) Achtúireachta	**(70,501)**	16,522

(d) Stair na n-oibleagáidí sochar sainmhínithe, na sócmhainní, na ngnóchan a tharla agus na gcaillteanas a tharla

	2011	2010	2009	2008	2007
	€ 000	€ 000	€ 000	€ 000	€ 000
Oibleagáidí sochar sainmhínithe	1,281	1,186	1,101	1,013	(175)
Luach cóir shócmhainní na scéime	(1,436)	(1,355)	(1,190)	(907)	476
Easnamh/(Barrachas) don scéim mhaoinithe	(155)	(169)	(89)	106	301
(Gnóchain)/caillteanais a tharla sa scéim dliteanais					
Méid	7.2	32.9	29.3	165.1	7.7
	0.6%	2.8%	2.7%	16.3%	4.4%

(e) Pinsin a mhaoiniú

Rinneadh luacháil tríbhliantúil achtúireachta ar an scéim ar an 1 Eanáir 2012 agus moladh ráta ranníoca 33.7% de bhuntuarastail (agus ranníocaí comhaltaí san áireamh).

21. Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Ghlac an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le comhaltaí Boird do nochtadh leasanna agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Chomhlíon comhaltaí an Bhoird agus an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta Treoirlínte na Roinne Airgeadais a bhaineann le cásanna ina bhfuil leasanna pearsanta i gceist.

22. Na ráitis airgeadais a cheadú

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais seo ar an 30 Bealtaine 2012.